Tóraíocht Taisce

Duáinín an tSeanchais

Ní thógfá aon cheann don mbláth beag álainn seo sa ghairdín. Neadaithe sa bhféar bíonn sé fé bhláth ó Mheitheamh go Deireadh Fómhair, le ceann corcra nó bán ar ghas beag. Má fhágtar cúinne sa ghairdín fiáin gach seans go dtiocfaidh Duáinín an tSeanchais chun cinn an bhliain ina dhiaidh sin. Tugtar Duán Ceannchosach, Coinnleoir agus Ceannbhán Beag air chomh maith.

Féach cé na taiscí atá ar chúl an tí inniubh:

- ○ Luchóg
- ○ Cam an Ime
- ○ An Sprús
- ○ Dath donn

- ○ Fáinleog
- ○ An Ghrian
- ○ Broc
- ○ Maide

- ○ Boladh deas
- ○ Grágaíl préacháin
- ○ Crann beithe
- ○ Dearg a' daoil

An bhfuil ainm eile agat ar Dhuáinín an tSeanchais? .....

Dathaigh an pictiúr de Dhuáinín an tSeanchais?

Duáinín an tSeanchais

Neadaithe sa ghairdín, ar mhá nó ar chluain,
Duáinín an tSeanchais, i bhfolach go ciúin.
Fág an féar fada s an Duáinín fé shuan,
I gcúinne an ghiorria, scaoilfear a rún.

Tuismitheoirí na Gaeltachta
Údarás na Gaeltachta
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media
S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030 Ár dTeanga, Ár bPobal



Ealaín: Dómhnal Ó Bric
©Tuismitheoirí na Gaeltachta